

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 539/2010 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Meitheamh 2010

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe i dtaca le ceanglais áirithe a shimpliú agus i dtaca le forálacha áirithe a bhaineann le bainistiú airgeadais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá dúshlán mhóra ann san Aontas mar gheall ar an ngéarchéim reatha airgeadais agus eacnamaíoch. Cé go ndearnadh gníomhaíochtaí tábhachtacha cheana féin, lena n-áirítear leasuithe ar an gcreat reachtach, ar mhaithe le héifeachtaí diúltacha na géarchéime a fhrith-chothromú, is anois amháin atá tionchar na géarchéime airgeadais ar an bhfíorghilleagar, ar mhargadh an tsaothair agus ar na saoránaigh le brath go forleathan. Tá an brú ar acmhainní airgeadais náisiúnta ag dul i méid agus ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun an brú sin a mhaolú tríd an úsáid is mó agus an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as maoiniú Aontais.

(2) Chun bainistiú ar mhaoiniú Aontais a éascú, chun cuidiú a thabhairt maidir le luathú infheistíochtaí sna Ballstáit agus sna réigiúin agus chun tionchar an mhaoinithe ar an ngeilleagar a mhéadú, is gá na rialacha lena rialaítear an beartas comhtháthaithe a shimpliú tuilleadh.

(3) I bhfianaise na ndifríochtaí atá idir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe agus na cuspóirí maidir leis an sainmhíniú a thugtar ar an gcomhshaol, is iomchuí, ar chúiseanna comhleanúnachais agus comhsheasmhachta, aon tairseach amháin a chur i bhfeidhm chun críche an tsainmhíneithe ar mhórthionscadal. I bhfianaise thábhacht na n-infheistíochtaí sa chomhshaol, lena n-áirítear infheistíochtaí atá faoin tairseach dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí faireachán iomchuí ar gach infheistíocht den sórt sin agus an Coimisiún a chur ar an eolas sna tuarascálacha bliantúla cur chun feidhme ar chlár oibríochta.

(4) Is gá freisin a cheadú go gclúdófar mórthionscadal le haon chlár oibríochta amháin nó níos mó ionas go gcumasófar mórthionscadal den sórt sin, a chlúdaíonn réigiúin agus cuspóirí éagsúla, a chur chun feidhme. Beidh ábharthacht shonrach aige seo i gcás infheistíochtaí lena ngabhann tábhacht ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.

(5) Is gá ionstraimí innealtóireachta airgeadais a chur ar fáil sna bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, agus tábhacht na mbeart sin sna tosaíochtaí náisiúnta agus i dtosaíochtaí an Aontais á cur san áireamh.

(6) Chun go n-éascófar oiriúnú clár oibríochta chun déileáil leis an ngéarchéim reatha airgeadais agus eacnamaíoch, ba cheart do na Ballstáit anailís a sholáthar lena dtabharfaí údar maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibríochta seachas meastóireacht a dhéanamh air.

(7) I gcomhréir le prionsabal na dea-bhainistíochta airgeadais agus leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, ba cheart ioncaim arna nginiúint leis na hoibríochtaí a chur san áireamh le linn an ranniocaíocht phoiblí a ríomh. Is gá simpliú a dhéanamh ar fhaireachán na n-ioncam chun an faireachán sin a ailíniú leis an timthriall cláraithe foriomlán.

⁽¹⁾ IO C 128, 18.5.2010, lch. 95.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 3 Meitheamh 2010.

- (8) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, is gá a shoiléiriú go dtagann caiteachas chun bheith cáilithe ón dáta a ndéantar iarraidh ar athbhreithniú cláir oibríochta a thíolacadh don Choimisiún i gcás ina dtagann sé faoi réim catagóire nua caiteachais a chuirtear isteach tráth athbhreithnithe an chláir oibríochta sin, agus sa chás sin amháin.
- (9) Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme na bhforálacha maidir le hinmharthanacht na n-oibríochtaí. Is iomchuí, go háirithe, cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a theorannú, a mhéid a bhaineann siad le gníomhartha a thagann faoi réim raon feidhme an chúnaimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), do ghníomhartha a thagann faoi réim na rialacha ar chabhair ó Stát lena ngabhann oibleagáid infheistíocht a chothabháil. Thairis sin, is gá cur i bhfeidhm na bhforálacha sin ar oibríochtaí a eisiamh más rud é, tar éis iad a chríochnú, go ndéantar modhnú substainteach orthu mar thoradh ar scor de ghníomhaíocht tháirglúil de bharr féimheachta neamh-chalaoisí.
- (10) Is gá soiléiriú agus simpliú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bheidh ag teastáil don tuairisciú bliantúil ar chur chun feidhme airgeadais cláir oibríochta. Dá bhrí sin, is iomchuí an fhaisnéis airgeadais, a cheanglaítear a thabhairt sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme cláir oibríochta, a ailíniú leis an bhfaisnéis a sholáthraítear sa ráiteas caiteachais agus an sainmhíniú ar tháscarí airgeadais a shoiléiriú.
- (11) Chun íocaíocht airleacan le tairbhíthe a fhaigheann cabhair ó Stát a shimpliú agus chun na rioscaí airgeadais a ghabhann le híocaíocht den sórt sin a theorannú, ba cheart raon feidhme na ráthaíochtaí inghlactha a athshainmhíniú.
- (12) De bharr imthosca eisceachtúla agus i bhfianaise an tionchair thromchúisigh gan fasach atá ag an ngéarchéim reatha eacnamaíoch agus airgeadais ar bhuiséid na mBallstát, tá gá le tráthchuid bhreise réamh-mhaoinithe don bhliain 2010 i gcás na mBallstát is mó atá thíos leis an ngéarchéim chun go bhféadfaidh sreabhadh airgid rialta a bheith ann le linn chur chun feidhme na gclár agus chun íocaíochtaí le tairbhíthe a éascú le linn chur chun feidhme na gclár.
- (13) Ba cheart simpliú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le ráitis chaiteachais maidir le hionstraimí innealtóireachta airgeadais. Go háirithe, de bheis ar chostais bhainistíochta, ba cheart a mheas gur caiteachas cáilithe iad táillí bainistíochta.
- (14) Ar chúiseanna comhsheasmhachta, is iomchuí go mbainfeadh Ballstáit athúsáid as na méideanna ceartaithe ar oibríocht a bhí mar chuid de pháirtchlabhsúr i gcás mírialtachtaí arna mbrath ag na Ballstáit iad féin.
- (15) Is iomchuí go bhfadófaí an spriocam maidir le ríomh shaoradh uathoibríoch an ghealltanais don bhuiséad bliantúil a bhaineann leis an ranniocaíocht bhliantúil iomlán don bhliain 2007 chun feabhas a chur ar dháileadh na gcistí atá geallta i gcomhair clár oibríochta áirithe. Tá gá le solúbthacht den sórt sin mar gheall ar thosú na gclár a bheith níos moille ná mar a raibh síl leis agus mar gheall ar fhorghas déanach na gclár.
- (16) Ar bhonn na taithí atá faighte, is iomchuí, maidir le laghdú na méideanna atá faoi réir riail an tsaortha uathoibríoch, ar laghdú é de réir na méideanna lena mbaineann i gcás mórthionscadail, go gcuirfí i bhfeidhm é ón dáta a dhéantar an t-iaratas mórthionscadail a chomhlíonann ceanglais uile an Rialacháin seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin.
- (17) Chun go bhféadfaidh Ballstáit tairbhe a bhaint as na bearta simpliúcháin i rith na tréimhse cláraithe iomláine agus chun an chóir chomhionann a áirithiú, is gá leasuithe áirithe a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.
- (18) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa⁽¹⁾ a leasú le Rialachán (CE) Uimh. 397/2009⁽²⁾, lenar tugadh isteach na rialacha cáilitheachta i gcomhair caiteachais ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar úsáid fuinnimh in-athnuaite i dtíthíocht atá ann cheana sna Ballstáit go léir. Is iomchuí, dá bhrí sin, na leasuithe a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 397/2009.
- (19) Ón tráth a ndéantar iaratas mórthionscadail a chomhlíonann ceanglais uile an Rialacháin seo a thíolacadh, ba cheart go ndéanfaí na méideanna atá clúdaithe san iaratas a chosaint ar shaoradh uathoibríoch. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an gcosaint sin maidir le gach iaratas mórthionscadail arna thíolacadh ó thús na tréimhse cláraithe agus ba cheart go mbeadh feidhm chúlghabhálach aici, go háirithe i bhfianaise na géarchéime reatha airgeadais.
- (20) Ós rud é, mar gheall ar an ngéarchéim gan fasach atá ag fearadh ar na margaí airgeadais idirnáisiúnta, gur gá beart a dhéanamh go mear chun na hiarmhairtí ar an ngeilleagar ina iomláine a fhrithchothromú, ba cheart go dtiocfadh leasuithe eile i bhfeidhm an lá tar éis lá foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (21) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle⁽³⁾, a leasú dá réir.
- (22) Tar éis an athraithe sa phróiseas cinnteoireachta de thoradh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, *inter alia*, níor tugadh isteach na leasuithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo in am chun cur i bhfeidhm Airteagal 93(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 284/2009⁽⁴⁾, a chosc. De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar

⁽¹⁾ IO L 210, 31.7.2006, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 126, 21.5.2009, lch. 3.

⁽³⁾ IO L 210, 31.7.2006, lch. 25.

⁽⁴⁾ IO L 94, 8.4.2009, lch. 10.

bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach⁽¹⁾ (an Rialachán Airgeadais), is é a bheadh de thoradh dá bhrí sin ar shaoráí arna ndéanamh ag an gCoimisiún ná go gcealófaí leithreasáí don bhliain airgeadais 2007, ar leithreasáí iad ba cheart a leathadh thar na blianta airgeadais 2008 go 2013, i gcomhréir leis na rialacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo. Is iomchuí, dá bhrí sin, mar bheart idirthréimhseach, go gceadófaí na leithreasáí ábhartha a athbhunú, de réir mar is gá, chun na rialacha um shaoradh, arna leasú leis an Rialachán seo, a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 leis seo mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 39:

‘Airteagal 39

Inneachar

Mar chuid de chlár oibríochta nó de chláir oibríochta, féadfar caiteachas a chuimsíonn sraith oibreacha, gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá beartaithe inti féin chun cúram doroinnte de chineál beacht eacnamaíoch nó teicnlúil a chur i gcrích, ar cúram é lena ngabhann spriocanna atá sainaitheanta go soiléir agus ar mó a chostas iomlán ná EUR 50 milliún (“mórthionscadal” anseo feasta), a mhaoiniú as an ERDF agus as an gCiste Comhtháthaithe;

2. Leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

- (a) sa chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘Déanfaidh an Ballstát nó na húdaráis bhainistíochta an fhaisnéis seo a leanas faoi mhórthionscadail a sholáthar don Choimisiún.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) tráthchlár do chur chun feidhme an mhórtionscadail agus, i gcás ina meastar go mbeidh an tréimhse cur chun feidhme níos faide ná an tréimhse chláraithe, na céimeanna a n-iarrtar cómhaoiniú ón Aontas ina leith i rith thréimhse chláraithe 2007 go 2013’;

3. In Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

‘1. Tabharfaidh an Coimisiún breithmheas ar an mórthionscadal, trí dhul i gcomhairle le saineolaithe seachtacha, lena n-áirítear an BEI, más gá sin, agus déanfaidh sé sin i bhfianaise na bhfachtóirí dá dtagraítear in Airteagal 40, a mhéad atá sé ag teacht le tosaíochtaí an chláir

oibríochta nó na gelár oibríochta lena mbaineann, a mhéad a chuireann sé le baint amach spriocanna na dtosaíochtaí sin agus a mhéad atá sé ag teacht le beartais eile de chuid an Aontais.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis don Bhallstát nó d’údarás bainistíochta mórthionscadal a thíolacadh, ar choinníoll go dtíolacfar é i gcomhréir le hAirteagal 40. Déanfar an cuspóir fisiclúil, an méid ar maidir leis a bheidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe d’ais tosaíochta an chláir oibríochta nó na gelár oibríochta lena mbaineann, agus plean bliantúil nó pleananna bliantúla na ranníocaíochta airgeadais ón ERDF nó ón gCiste Comhtháthaithe a shainiú leis an gcinneadh sin.’;

4. Leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Mar chuid de chlár oibríochta, féadfar maoiniú a thabhairt as na Cistí Struchtúracha i ndáil le hoibríocht ina ndéantar ranníocaíocht chun tacú le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) ionstraimí innealtóireachta airgeadais d’fhiontair, go príomha fiontair bheaga agus mheánmhéide, amhail cistí caipitil fiontair, cistí ráthaíochta agus cistí iasachta;

- (b) cistí forbartha uirbí, is é sin le rá, cistí as a ndéantar infheistíocht i gcomhpháirtíochtaí poiblí-priobháideacha agus i dtionscadail eile atá mar chuid de phlean lánpháirtithe um fhorbairt inbhuanaithe uirbeach;

- (c) cistí nó scéimeanna dreasachta eile lena soláthraítear iasachtaí, ráthaíochtaí d’infheistíochtaí in-aisíochta nó ionstraimí combhionanna, i gcomhair éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáide fuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh, lena n-áirítear i dtíthíocht atá ann cheana.’;

- (b) sa dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘I gcás ina ndéantar oibríochtaí den sórt sin a eagrú trí chistí sealbhaíochta, is é sin le rá, cistí a chuirtear ar bun chun infheistíocht a dhéanamh i roinnt cistí caipitil fiontair, cistí ráthaíochta, cistí iasachta, cistí forbartha uirbí, cistí nó scéimeanna dreasachta eile lena soláthraítear iasachtaí, ráthaíochtaí d’infheistíochtaí in-aisíochta nó ionstraimí combhionanna, i gcomhair éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáide fuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh, lena n-áirítear i dtíthíocht atá ann cheana, déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta iad a chur chun feidhme ar cheann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas’;

⁽¹⁾ IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48(3):

‘3. I rith na tréimhse cláraithe, déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí a bheidh nasctha le faireachán ar chláir oibríochta, go háirithe i gcás ina léirítear san fhaireachán sin go bhfuiltear ag imeacht go suntasach ó na spriocanna a bhí leagtha síos ar dtús. Más rud é go moltar athbhreithniú a dhéanamh ar chláir oibríochta, de réir mar a luaitear in Airteagal 33, soláthrófar anailísí ar na cúiseanna leis an athbhreithniú, lena n-áirítear aon deacrachtaí i dtaca le cur chun feidhme, agus ar an tionchar a meastar a bheidh ag an athbhreithniú, lena n-áirítear an tionchar ar straitéis an chláir oibríochta. Déanfar torthaí meastóireachtaí nó anailísí den sórt sin a sheoladh chuig an gcoiste faireacháin um an gclár oibríochta agus chuig an gCoimisiún.’;

6. In Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

‘3. I gcás nach féidir an t-ioncam a mheas go hoibiachtúil roimh ré, déanfar an glan-ioncam a ghintear laistigh de chúig bliana ón tráth a gcríochnaítear oibríocht áirithe a asbhaint as an gcaiteachas a bheidh dearbhaithithe don Choimisiún.

4. I gcás ina suitear gur ghin oibríocht glan-ioncam nár cuireadh san áireamh faoi mhír 2 agus faoi mhír 3, déanfaidh an t-údarás deimhniúcháin an glan-ioncam sin a asbhaint tráth nach déanaí ná an uair a thíolactar na doiciméid don chlár oibríochta dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 89(1). Déanfar an t-iarratas ar íoc an iarmhéid chríochnaithigh a cheartú dá réir sin.’;

7. In Airteagal 56(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina ndéantar catagóir nua caiteachais dá dtagraítear i dTábla 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006 ón gCoimisiún (*) a chur isteach tráth athbhreithnithe cláir oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo, beidh aon chaiteachas a thagann faoin gcatagóir sin cáilithe ón dáta a gcuirtear an iarraidh ar athbhreithniú an chláir oibríochta faoi bhráid an Choimisiúin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1828/2006 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2006 lena leagtar amach rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus rialacha i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) 1080/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (IO L 371, 27.12.2006, lch. 1.);

8. Leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta nach gcoimeádfaidh oibríocht a chuimsíonn infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirglúil an ranníocaíocht ó na Cistí ach amháin i gcás nach ndéantar aon mhodhnú substainteach uirthi laistigh de chúig bliana ón tráth a thugtar chun críche í, ar modhnú é a tharlaíonn mar gheall ar athrú ar chineál úinéireachta míre den bhonneagar nó mar gheall ar scor de ghníomhaíocht tháirglúil agus ar modhnú é a dhéanann difear do chineál na hoibríochta nó do choinníollacha cur chun feidhme na hoibríochta nó a thugann buntáiste míchuí do ghnólacht nó do chomhlacht poiblí.

Maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi réim raon feidhme an chúnaimh ón gCSE, ní mheasfar gur gníomhaíochtaí iad nach bhfuil an ranníocaíocht coimeáda acu ach amháin i gcás ina bhfuil siad faoi réir oibleagáide chun infheistíocht a chothabháil faoi na rialacha is infheidhme ar chabhair ó Stát de réir bhrí Airteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go ndéantar modhnú substainteach orthu mar thoradh ar scor de ghníomhaíocht tháirglúil laistigh den tréimhse atá leagtha síos sna rialacha sin.

Féadfaidh Ballstáit na teorainneacha ama atá leagtha amach sa chéad fomhír a laghdú go dtí trí bliana i gcásanna a bhaineann le cothabháil infheistíochtaí ag fiontair bheaga agus mheánmhéide.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 i leith aon oibríochta ar a ndéantar modhnú substainteach mar thoradh ar scor de ghníomhaíocht tháirglúil de bharr féimheachta neamhchalaóis.’;

9. In Airteagal 67(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) cainníochtú ar na táscairí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 66(2) agus a léiríonn cur chun feidhme carnach airgeadais an chláir oibríochta, agus tabharfar mionsonraí sa chainníochtú sin faoi na nithe seo a leanas i ndáil le gach ais tosaíochta:

(i) méid iomlán an chaiteachais cháilithe dheimhnithe arna íoc ag na tairbhíthe agus an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach;

(ii) an cóimheas idir méid iomlán an chaiteachais cháilithe dheimhnithe arna íoc ag na tairbhíthe agus maoiniú iomlán an chláir, lena n-áirítear maoiniú Aontais agus an chontrapháirt náisiúnta;

I gcás inarb iomchuí, déanfar cur chun feidhme airgeadais i réimsí a fhaigheann tacaíocht idir-thréimhseach a chur i láthair mar mhíreanna ar leithligh laistigh de ghach clár oibríochta;

10. Leasaítear Airteagal 78 mar a leanas:

(a) i mír 2:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

‘(a) beidh siad faoi réir ráthaíochta arna soláthar ag banc nó ag institiúid airgeadais eile atá bunaithe i mBallstát;’

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Déanfar a mheas go bhfuil saoráid a sholáthraíonn eintiteas poiblí nó an Ballstát féin mar ráthaíocht comhionann le ráthaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) sa chéad fhomhír.’;

(b) i mír 6:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) costais bhainistíochta cháilithe nó táillí bainistíochta cáilithe; agus’,

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(e) aon iasachtaí nó ráthaíochtaí d’infheistíochtaí in-aisíochta ó chistí nó scéimeanna dreasachta eile lena soláthraítear iasachtaí, ráthaíochtaí d’infheistíochtaí in-aisíochta nó ionstraimí comhionanna, i gcomhair éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáide fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh, lena n-áirítear i dtithíocht atá ann cheana.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Déanfar an t-ús a ghintear as íocaíochtaí ó chláir oibríochta le cistí mar a shainítear in Airteagal 44 a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar aon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) tionscail forbartha uirbí i gcás cistí forbartha uirbí;

(b) ionstraimí innealtóireachta airgeadais d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

(c) i gcás cistí nó scéimeanna eile dreasachta lena soláthraítear iasachtaí, ráthaíochtaí d’infheistíochtaí in-aisíochta nó ionstraimí comhionanna, i gcomhair éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáide fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh, lena n-áirítear i dtithíocht atá ann cheana.

Maidir leis na hacmhainní a thagann ar ais go dtí an oibríocht ó infheistíochtaí arna ndéanamh ag cistí, de réir mar a shainítear in Airteagal 44, nó atá fágtha tar éis na ráthaíochtaí go léir a urramú, déanfaidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann iad a athúsáid chun leasa tionscadal forbartha uirbí nó fiontar beag agus meánmhéide nó i gcomhair éifeachtúlachta

fuinnimh agus úsáide fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh, lena n-áirítear i dtithíocht atá ann cheana.’;

11. Leasaítear Airteagal 82(1) mar a leanas:

(a) sa dara fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(f) i gcás Ballstát ar deonaíodh iasachtaí dóibh in 2009 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh meántéarmach i leith iarmhéideanna íocaíochtaí na mBallstát (*) nó do Bhallstáit a raibh laghdú ba mhó ná 10 % i dtéarmaí réadacha san OTI acu sa bhliain 2009 i gcomparáid leis an mbliain 2008: sa bhliain 2010, 2 % den ranníocaíocht ón gCiste Comhtháthaithe agus 4 % den ranníocaíocht ón gCSE chuig an gclár oibríochta.

(*) IO L 53, 23.2.2002, lch. 1.’;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Chun na critéir dá dtagraítear i bpointe (f) den dara fhomhír a chur i bhfeidhm, beidh na figiúirí OTI bunaithe ar staidreamh Comhphobail a foilsíodh i mí na Samhna 2009 (*).

(*) Réamhaisnéis Gheilleagar na hEorpa, Fómhar 2009 (European Economy, Uimh. 10. 2009: Oifig Foilseachán Oifigiúil an CE, Lucsamburg);’;

12. In Airteagal 88(3), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Ach i gcásanna ina mbraitheann an Ballstát mírialtachtaí in oibríochtaí a bhí faoi réir dearbhaithe páirtchlabhúsúir, beidh feidhm ag Airteagal 98(2) agus (3). Déanfar an ráiteas caiteachais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo a choigeartú dá réir.’;

13. Leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cés moite den eiseacht a luaitear i mír 2, saoróidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid den mhéid a ríomhtar i ndáil le clár oibríochta i gcomhréir leis an dara fhomhír agus nár úsáideadh chun an réamh-mhaoiniú a íoc nó chun íocaíochtaí eastramhacha a dhéanamh nó nach ndearnadh iarratas ar íocaíocht ina leith i gcomhréir le hAirteagal 86 faoin 31 Nollaig den dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais buiséid faoin gclár.

Chun críche an tsaortha uathoibríoch, déanfaidh an Coimisiún an méid a ríomh tríd an séú cuid den ghealltanais sa bhuiséad bliantúil a bhaineann leis an ranníocaíocht bhliantúil iomlán don bhliain airgeadais 2007 a chur le gach ceann de na gealltanais bhuiséid do na blianta airgeadais 2008 go 2013.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1 agus de mhaolú ar mhír 2, ní bheidh feidhm ag na spriocamanna do shaoradh uathoibríoch i leith an ghealltanais sa bhuiséad bliantúil a bhaineann leis an ranníocaíocht bhliantúil iomlán do 2007.;

14 Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 94:

'Airteagal 94

An tréimhse bhearnaithe i gcás mórthionscadal agus scéimeanna cabhrach

1. I gcás ina dtíolacann an Ballstát iarratas mórthionscadail a chomhlíonann na ceanglais go léir a leagtar síos in Airteagal 40, déanfar na méideanna a bhféadfadh saoradh uathoibríoch difear a dhéanamh dóibh a laghdú de réir na méideanna bliantúla a bhaineann le mórthionscadail den sórt sin.

I gcás ina ndéanann an Coimisiún cinneadh chun scéim chabhrach a údarú, déanfar na méideanna a bhféadfadh saoradh uathoibríoch difear a dhéanamh dóibh a laghdú de réir na méideanna bliantúla a bhaineann le scéimeanna cabhrach den sórt sin.

2. I gcás na méideanna bliantúla dá dtagraítear i mír 1, is é an dáta tosaithe le haghaidh ríomh na spriocamanna don saoradh uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 93

dáta an chinnidh dá éis sin is gá chun mórthionscadail nó scéimeanna cabhrach den sórt sin a údarú.'

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

Chun fónamh do na himthosca eisceachtúla san idirthréimhse go dtí go mbeidh na rialacha saortha a thugtar isteach leis an Rialachán seo i bhfeidhm, déanfar leithreasáí atá curtha ar ceal mar gheall ar shaoraí a rinne an Coimisiún don bhliain airgeadais 2007 le linn Airteagal 93(1) agus Airteagal 97 de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 284/2009 a chur chun feidhme, de bhun Airteagal 11 den Rialachán Airgeadais, a athbhunú a mhéad is gá sin chun an dara fomhír d'Airteagal 93(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, arna leasú leis an Rialachán seo, a chur chun feidhme.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm, áfach, ag pointe (5) agus pointe (7) d'Airteagal 1 amhail ón 1 Lúnasa 2006, ag pointí (8), (10)(a), (10)(b)(i), (13) agus (14) d'Airteagal 1 amhail ón 1 Eanáir 2007 agus ag pointí (4), (10)(b)(ii) agus (10)(c) d'Airteagal 1 amhail ón 10 Meitheamh 2009.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 16 Meitheamh 2010.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
D. LÓPEZ GARRIDO